



“Sármhaitheas trí Cheannaireacht agus Bhainistíocht Chomhoibritheach”

Ról an Ionaid Oideachais

Beidh ról lárnach ag an Ionad Oideachais maidir le tacú le cur i ngníomh na scéime “Sármhaitheas trí Cheannaireacht agus Bhainistíocht Chomhoibritheach” Ar phríomhchuspóirí na scéime áirítear cumas ceannaireachta a thógáil agus tionscnaimh chun nuáil agus sármhaitheas i scoileanna a mhéadú agus a chur chun cinn. Ar phríomhghnéithe na scéime áirítear comhpháirtíochtaí marthanacha idir na braislí rannpháirteacha agus an tríú leibhéal, an earnáil ghnó agus an tionscal a fhorbairt. Trí bheith ag tacú le glacadh agus le cur i ngníomh an tionscadail tá sé i gceist go bhfeidhmeoidh na hIonaid Oideachais mar mhol do na braislí áitiúla. Eagróidh siad agus cothóidh siad a gcuid tionscadal ar leith mórthimpeall an mhoil seo. Chuige seo déanfaidh na hIonaid Oideachais na nithe seo a leanas:

- Suíomh a chur ar fáil le haghaidh seimineáir eolais (ón tseachtain dar tús 12 go 20 Samhain) ag tús na céime píolótaí. Ina dhiaidh na céime seo, cuirfidh siad seimineáir oscailte agus imeachtaí oiliúna ar fáil de réir mar a bhíonn gá leo ar feadh tréimhse an tionscadail ó mhí Feabhra 2019 - mí Mheithimh 2020. Cuimseofar ionchuir faoi bhainistíocht tionscadail agus pleanáil éascaithe chomhoibritheach
- An scéim a chur chun cinn ag an leibhéal áitiúil trí shuíomh gréasáin an Ionaid a fhorbairt, seisiúin eolais do scoileanna in abhantrach an Ionaid a eagrú, teagmháil an Stiúrthóra le príomhoidí scoile d’fhonn a chinntiú go mbeidh dhá bhraisle i ngach Ionad Oideachais
- A bheith mar óstach do chruinnithe braisle ina ndíreofar orthu seo a leanas:
 - Conas a thagann feabhas ar eispéiris agus torthaí foghlaimeora mar thoradh ar rannpháirtiú sa scéim phíolótach



- Comhoibriú a éascú idir scoileanna ar dheardh agus ar sheachadadh tionscadal ar leith a bhaineann úsáid as foirne bainistíochta scoile ar shlí nuálach
 - Socrú conas a thagann feabhas ar cheannaireacht dháilte sna scoileanna mar thoradh ar chomhoibriú laistigh den scoil agus idir scoileanna rannpháirteacha
 - An tionchar a imríonn ceannaireacht éifeachtach ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnacht
 - Conas mar is féidir comhoibriú éifeachtach idir scoileanna a spreagadh agus a chothú
-
- Painéil thofa phearsanra a bhunú ón tríú leibhéal, ón earnáil ghnó agus ón tionscal atá sásta comhairle a thabhairt d'fhonn tacú le cur i ngníomh, scaipeadh agus measúnú na dtionscadal
 - A bheith i dteagmháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le shaincheisteanna faoi chúrsaí buiséid agus eagraíochtúla
 - Imeachtaí taispeántais réigiúnacha a eagrú agus poiblíocht a thabhairt dóibh
 - I dtreo deireadh na céime píolótaí, scaipeadh na n-imeachtaí taispeántais a éascú ar bhonn réigiúnach chuig an bpobal oideachais i gcoitinne ar shlí thráthúil chun go roinnfear an fhoghlaim a fuarthas ón scéim píolótach